

# Daonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna um Athrú

D'fhoilsigh an Rialtas Páipéar Glas faoin rialtas áitiúil dar teideal *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna um Athrú*. Cuireann an páipéar seo roghanna i láthair chun athrú a dhéanamh ar an slí ina oibríonn an rialtas áitiúil. *Is í an aidhm ná rialtas áitiúil a dhéanamh níos daonlathaí, agus feabhas a chur ar an nasc idir údaráis áitiúla agus na daoine ar a fhreastalaíonn siad agus a sheasann siad dóibh.*

Moltar ann go bhféadfadh an rialtas áitiúil in Éirinn a bheith níos dinimiciúla, gan a bheith ag brath chomh mór sin ar an rialtas láir, agus ról níos mó a bheith aige agus seirbhísí áitiúla á chur ar fáil do dhaoine áitiúla.

Mar sin féin, bheadh athruithe móra de dhíth ar an slí ina fheidhmíonn comhairlí daonlathacha áitiúla agus conas a breathnaítear ar ról an rialtais áitiúil in Éirinn.

Leagann *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna um Athrú* amach na ceisteanna le haghaidh díospóireachta poiblí a spreagadh i dtreo is go mbeidh athruithe, a chuirfeadh isteach sa dlí faoi dheireadh, pléite agus scrúdaithe go forleathan. Tá dúil ar an Rialtas tuairimí a fháil ón méid is mó daoine agus is féidir.

Leagtar amach na príomh-roghanna um athrú anseo thíos. Áiríonn gach rogha na ceisteanna is tábhachtaí gur gá a fhreagairt d'fhonn aon athrú a chur i bhfeidhm go rathúil. Tóg do chuid ama le'd' thoil chun breathnú ar na ceisteanna seo agus do chuid tuairimí a chur in iúl dúinn.

Cuimsithe i *nDaonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna um Athrú* tá díospóireacht ghrinn faoi mórán de na roghanna seo. Dá mba rud é gur mhian leat scrúdú a dhéanamh ar an bPáipéar Glas, tá sé ar fáil saor in aisce ar líne ag [www.environ.ie](http://www.environ.ie), agus nó i gcló ó Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, uimh. Teil 01 647 6834.

## 1. Méara do Bhaile Átha Cliath

Tá an Rialtas tiomanta do Mhéara a cheapadh do Bhaile Átha Cliath a bheidh tofa díreach ag an bpobal d'fhonn ceannaireacht daonlathach níos fearr a chur ar fáil. Tá roinnt dúshlán os comhair Baile Átha Cliath, mar chathair dhinimiciúil, i réimsí ar nós pleanáil straitéiseach, iompar, tithíocht, bainistiú dramhaíola, soláthar uisce agus diúscairt fuíolluisce. Molann *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre* gur féidir le hoifig an mhéara, tofa do Réigiún Bhaile Átha Cliath, cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo ag éirí as an údarás atá tugtha don oifig ón phobal.



## Ceisteanna

- Ar chóir Méara do Bhaile Átha Cliath a thoghadh do cheantar na comhairle cathrach nó do réigiún Bhaile Átha Cliath?
- Cén chaoi ar chóir sainmhíniú a dhéanamh ar a leithéid de réigiún? Ar chóir go mbeadh contae Bhaile Átha Cliath ar fad san áireamh nó ar chóir dó dul níos faide ná sin isteach sa Mhí, i gCill Mhantáin agus i gCill Dara?
- Cén feidhmeanna ar chóir a bheith ag an Méara? Cén caidreamh ar chóir a bheith ag an Méara le hÚdarás Iompair Bhaile Átha Cliath?
- Conas a oibreodh méara réigiúnach leis na 4 údaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus 3 comhairlí contae)?
- Ar chóir go mbeadh ról ann d'Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath?
- Ar chóir go mbeadh méara tofa don Chathair agus réigiún araon, nó an bhféadfadh comh-oifig an Mhéara Cathrach agus Réigiúnach a bheith ann?

## 2. Méaraí tofa agus roinnt na freagrachta sa rialtas áitiúil

Tá an fhreagracht chun cinntí a ghlacadh sa rialtas áitiúil roinnte idir comhairleoirí – a leagann amach polasáí don údarás áitiúil – agus bainisteoirí – atá freagrach as ucht na cinnteoireachta laethúil. Chuir roinnt na freagrachta seo bainistíocht údaráis áitiúil ghairmiúil neamhchlaonta ar fáil ach d'fhéadfadh sé gur chuir sé le ceannaireacht polaitiúil áitiúil níos laige chomh maith. D'fhéadfaí níos mó cheannaireachta ón taobh tofa den chomhairle cur leis an gcuntasacht agus leis an gceangal áitiúil leis an saoránach. Moltar gur féidir seo a bhaint amach trí méaraí tofa ag an bpobal a chur ar fáil i ngach contae agus cathair. D'fhéadfaí cumhachtaí áirithe suibstantiúla a thabhairt do na méaraí seo chun buiséid, pleananna forbartha agus a léithéid a mholadh.

D'fhéadfaí cumhachtaí cinnteoireachta maidir le saincheisteanna conspóideacha áirithe, ar nós pleanáil na bainistíochta dramhaíola, a thabhairt ar ais do chomhairleoirí áitiúla nó don mhéara. Má dhéantar sin, ní mór meicníochtaí a fháil chun a chinntiú go gcomhlíonann na cinntí a dhéantar riachtanais dlíthiúla an Stáit agus an Aontais Eorpaigh.

## Ceisteanna

- Ar chóir go mbeadh méara tofa ag gach comhairle cathrach agus chontae?
- Ar chóir gur cinneadh áitiúil a bheadh ann glacadh le méara tofa? An nglacfaí é seo ag leibhéal na comhairle nó trí pobalbhreith?

- An bhféadfaí méaraí a thoghadh do 5 bliana as baill na comhairle in ionad é a dhéanamh trí thoghadh díreach?
- Cén feidhmeanna ar chóir a bheith ag méaraí?
- Ar chóir athruithe eile a thabhairt isteach chun cur le soláthar na méaraí lán-téarma, mar shampla, córas cosúil le comh-aireacht áitiúil a thabhairt isteach?
- Ar chóir cumhachtaí polasaí, a bronnadh ar bhainisteoirí le blianta beaga anuas, a a thabhairt ar ais do pholaiteoirí áitiúla? Má dhéantar a leithéid, an bhfuil géilliúlacht le polasaí agus dlí náisiúnta cinntithe?
- Conas a rachaidh méaraí atá tofa go díreach i gcaidreamh leis an rialtas láir?

### 3. Rialtas baile agus láidriú na gceangal le pobail

Anuraidh, thuairiscigh *Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach* fad airithe idir an saoránach agus an t-údarás áitiúil, go háirithe i gceantair uirbeacha.

Tá 80 comhairlí baile in Éirinn a théann in éagsúlacht go mór i dtéarmaí freagrachtaí. Tá neamhréireacht ann i struchtúr agus forfheidhmiú an rialtais bhaile ar fud na tíre ach níltear ar aon intinn conas córas níos réasúnaí rialtas fo-chontae a thabhairt isteach.

Tá éilimh ann ar níos mó comhairlí baile ach tá ábhair inní ann nach féidir le comhairlí baile beaga na seirbhísí casta a chaithfidh údaráis áitiúla a chur ar fáil anois a sheachadadh. Leis sin ráite, tá comhairlí baile agus coistí áitiúla comhairlí contae níos cóngaraí don phobal áitiúil ná na comhairlí cathrach agus contae iad féin agus tá sé in acmhainn acu níos mó ionadaíocht a dhéanamh ar ghnóthaí áitiúla.

D'fhéadfadh go mbeadh slite eile ann chun comhairlí baile a chumhachtú trí mheán chumhachtaí áirithe a athrú ó leibhéal an chontae go leibhéal an bhaile, nó trí mheán comh-chinnteoireachta. *Déanann Daonlathas Áitiúil Níos Láidre* na slite inar féidir é seo a dhéanamh a phlé.

D'fhéadfadh slite nua eile a bheith ann chun ceangail níos fearr a thógáil idir an údarás áitiúil agus an pobal áitiúil. D'fhéadfadh pobalbhreitheanna, buiséadú rannpháirteach, cearta achainí, níos mó cruinnithe ceantair agus tuilleadh dá leithéid a bheith san áireamh leo seo.

#### **Ceisteanna**

- Conas ar féidir le comhairlí baile agus comhairlí contae comhoibriú lena chéile d'fhonn rialú níos fearr a dhéanamh ar bhailte?

- Ar féidir tuilleadh freagrachta do chinntí áitiúla a thiomnú ó chomhairlí contae go comhairlí baile? Más féidir, conas?
- Cén chritéir ar chóir a leagadh síos sular féidir comhairlí baile nua a bhunú? Ina áit sin, ar bhfuil coistí ceantair na comhairle contae níos fearr in ann freastal ar bhailte?
- Ar chóir go mbeadh cead aighnis níos díri ag an bpobal maidir le hábhair rialachais áitiúil, ar nós buiséadú? An gcabhródh cruinnithe rialta “halla an bhaile”, cearta achainí agus pobalbhreitheanna agus ceisteanna tábhachtacha á phlé?
- Conas is féidir le húdaráis áitiúla seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil ( ag aithint ag an am céanna nach soláthraithe seirbhíse amháin atá sna húdaráis áitiúla)?

#### 4. Ról an Rialachais Réigiúnaí agus an nasc le Rialtas Náisiúnta

Tá ról tábhachtacht ag na socruithe a leagtar síos le haghaidh rialachas áitiúil agus réigiúnach agus chur chun cinn cathracha láidre sne réigiúin faoi mar a samhlaíonn an Straitéis Náisiúnta Spásúil. Ní chloíonn na limistéir faoi fhoirgnimh de chuid na cathracha agus bhailte “Tairseacha” le teorainneacha riaracháin. Tagann cuid acu faoi smacht 2 nó fiú 3 údaráis áitiúla ar leith. Sáinítear iarrachtaí chun teorannacha níos réadúla a thabhairt do cathracha ar cheisteanna faoi dhílseacht chontae.

Seans go mbeadh struchtúir trasteorann eile ann a d’fhéadfadh scoilteadh freagrachtaí na n-údarás áitiúla a shárú ach a chloíonn le teorainneacha contae.

Ar leibhéal níos leithne tá cónaí orainn i ndomhan atá níos casta agus níos sofaisticiúla ná mar a bhí riamh. Ní féidir leis an rialtas láir freagairt ar gach riachtanas áitiúil agus déanann *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre* iarracht tuilleadh saoirse agus acmhainneachta a thabhairt don rialtas áitiúil chun dul i ngleic le saincheisteanna áitiúla go háitiúil.

Mar sin féin mairimid freisin i ndomhan atá níos nasctha ná mar a bhí riamh. Ní mór do chinntí a dhéantar go háitiúil a bheith ar aon dul lenár ndualgais náisiúnta chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus chun Éire atá níos inmharthana ó thoabh an comhshaol de a chinntiú. Mar a dúirt an tAire Gormley “téann réiteach na huaimhíne déach .i. ag soláthar neamhspleáchas áitiúil níos fearr ach ag an am céanna ag cinntiú comhsheasmhacht le polasaí náisiúnta, go croilár na díospóireachta ar an gcéad chéim eile seo in éabhlóid an rialtais áitiúil.”

## Ceisteanna

- Ar chóir méaraí réigiúnacha a thabhairt isteach, más cuí, i gcathracha agus i mbailte Tairseacha áirithe?
- An bhféadfaí comhairlí cathrach nó contae áirithe a chónascadh, nó an bhféadfaí comh-mhéara a thoghadh chun dul i gceannas comhairlí cathrach agus contae i i gceantair chathrach faoi leith?
- An bhfuil slite eile ann inar féidir rialachas na gcathracha agus na mbailte Tairseacha a threisiú mar thacaíocht ar lárionaid réigiúnacha níos láidre?
- Conas ar féidir cumhachtaí d'ionadaithe daonlathacha áitiúla a mhéadú fad is a chinntítear géilliúlacht le dualgais an Stáit agus an Chomhphobail Eorpaigh?
- Conas is féidir leis an rialtas áitiúil agus an rialtas láir oibriú níos fearr le chéile le cuspóirí comóna a bhaint amach?
- An féidir le húdaráis áitiúla iad féin oibriú i slí níos comhtháite agus níos tiomsaithí ar mhaithe le feabhas a chur ar earnáil an rialtais áitiúil? Más féidir, conas?

### 5. Seirbhís d'Ardchaighdeán, Luach ar Airgead agus Maoiniú an Rialtais Áitiúil

Aithníonn *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre*, go dteastaíonn ó dhaoine, don chuid is mó, go gcuirfidh a n-údarás áitiúil seirbhís éifeachtach ar fáil. Is é seirbhís custaiméara d'ardchaighdeán príomh-chuspóir agus príomh-dhúshlán na seirbhíse poiblí i ngach áit. Ní haon eisceacht é rialtas áitiúil na hÉireann. Cuirtear béim ar an ngá le haghaidh athrú, solúbthacht agus samhlaíocht leanúnach i gcur ar fáil seirbhísí. Tacaítear le gluaiseacht níos mó i dtreo comhroinnt na seirbhísí idir údaráis áitiúla freisin. Rachaidh moltaí an Athbhreithnithe OECD ar an Seirbhís Phoiblí i bhfeidhm ar riarachán an rialtais áitiúil chomh maith sna blianta atá le teacht.

Déanann *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre* an gá le haghaidh maoiniú inmharthana an rialtais áitiúil a phlé chomh maith. Míníonn sé na príomh-ghnéithe de mhaoiniú an rialtais áitiúil mar atá ann faoi láthair in Éirinn, agus leagann sé amach múnlaí um bhailiú ioncaim de chuid an rialtais áitiúil a aimsítear i stáit daonlathacha eile go minic. Cuirfidh an díospóireacht faoi na ceisteanna seo le obair an Choimisiúin um Chánachas a bhfuil sé mar thasc aige breathnú ar roghanna do mhaoiniú an rialtais áitiúil sa todhchaí.

Tacaítear le tabhairt isteach teorainneacha caiteachais do thoghcháin áitiúla chomh maith leis an bhféidearthacht a bhaineann leis an ról maoirseachta de chuid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí a threisiú maidir le géilliúlacht an rialtais áitiúil le heitice.



## Ceisteanna

- An féidir le méara tofa cabhrú chun dea-obair na n-údarás áitiúil a chur chun cinn agus iad á dhéanamh níos freagraí nuair a thagann fadhbanna chun cinn ag an am céanna?
- An féidir leis an rialtas áitiúil tuilleadh ceannaireachta a fháil i leith iarrachtaí na ngníomhaireachtaí Stáit go léir a chomhordú maidir le seirbhísí a chur ar fáil go háitiúil?
- An féidir le slite nua um chomhroinnt seirbhísí idir údarais áitiúla cabhrú chun acmhainní a scaoileadh le haghaidh seachadadh seirbhísí atá níos éifeachtaí?
- Conas ar féidir linn a chinntiú go bhfreagraíonn cleachtais earcaíochta na n-údarás áitiúla do riachtanais athraithe?
- Cén prionsabail a d'fhéadfaí a uchtú nuair atáthar ag breathnú ar mhaoiniú an rialtais áitiúil?
- An féidir féinriail pholaitiúil an rialtais áitiúil a fheabhsú gan tuilleadh freagrachta le haghaidh cistí a bhailiú go háitiúil?
- Conas is fearr ar féidir teorainneacha caiteachais a thabhairt isteach do thoghcháin áitiúla?
- Ar chóir go mbeadh tuilleadh maoirseachta ann ar chóras eitice an rialtais áitiúil?

### Ag soláthar do chuid tuairimí

Cuirfear fáilte roimh do chuid smaointí maidir le *Daonlathas Áitiúil Níos Láidre – Roghanna um Athrú* agus cabhróidh siad chun polasaí an Rialtais a mhúnlú. Cuir do chuid tuairimí ar aghaidh trí mheán rphoist le do thoil chuig [greenpaper@environ.ie](mailto:greenpaper@environ.ie) nó sa phost chuig Forbairt Tionscadal Rialtais Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1.